Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Réamhrá

Tá dualgas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30 cuntas leithghabhála an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus maidir le Coimisiún Talún na hÉireann agus deontais, fóirdheontais agus deontais eile a íoc, agus maidir le deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta agus feabhsú Inis Sionnach.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2015, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe-i-gcabhair, agus

(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2015 as leithreasuithe 2014 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bhunaigh Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá farasbarr €56.62milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta caighdeánacha maidir le cuntais leithghabhála a réiteach i bhfeidhm agus an Cuntas a ullmhú, ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas

***Sócmhainní caipitiúla***

Tá sceideal faoin talamh agus faoi na foirgnimh ar fad a riartar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas. De bharr nach bhfuil luachálacha don mhaoin sin go léir ar fáil, áfach, níl siad san áireamh sa ráiteas ar shócmhainní caipitiúla.

***Dímheas***

Déantar bogearraí an Chórais Chomhtháite Faisnéise Bainistíochta (CCFB) agus an Chórais Chomhtháite Faisnéise Iascaigh (CCFI) a dhímheas ag 20%.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- Córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Cinntíonn an Roinn go gcuirtear fócas iomchuí ar an dea-chleachtas agus ceannaigh á ndéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú.Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i 34 gcás chonradh gach cheann ag eachtaí le íocaíochtaí de bhreis ar €25,000 le suim iomlán de €1.71 milliún a liostáileadh i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Tugadh faoi phróisis iomaíocha le haghaidh ceithre cinn déag de na conarthaí seo i 2015. Baineann na conarthaí eile le seirbhísí mar nach rabhthas in ann ach soláthróir oiriúnach amháin a úsáid.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Athbhreithniú ar bhainistiú agus ar rialú airgeadais***

Tá roinnt bealaí ag an Roinn le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a córas rialaithe agus bainistíochta airgeadais ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchta agus a Córas Bainistithe Riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilim i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann monatóireacht ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir le ceanglais creidiúnaithe atá leagtha síos faoi rialachán a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta an AE a chomhlíonadh.

Bíonn an Roinn faoi réir raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí an AE, ag Coimisiún an AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách - cuideachta cuntasaíochta ghairmiúil - a dheimhníonn na cuntais bhliantúla EAGF and EAFRD. Bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,276 lá iniúchta ag na comhlachtaí sin in 2015. Chuir mé dearbhú bainistíochta ar fáil don chomhlacht deimhnithe maidir le cuntais bhliantúla AE mar a éilítear le Rialachán 1360/2013 ón gComhairle.

***Slándáil TEC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus déantar athbhreithniú neamhspleácha orthu sin freisin. Tá nósanna imeachta aisghabhála/cúltaca doiciméadaithe i bhfeidhm do na sonraí ríthábhachta go léir, lena n-áirítear seirbhísí stórála as an láthair agus saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste. Tá Aonad Slándála TF tiomanta ag an Roinn agus tá sí forghníomhach i bhforbairt agus cur chun cinn polasaithe slándála TF. Bíonn socruithe slándála ICT faoi réir ag athbhreithniú ó rannóg iniúchta TF an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Chomh maith leis sin bíonn an Roinn faoi réir ag iniúchadh creidiúnaithe bliantúil, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhainistíocht riosca ríomhaireachta, ina cáil mar ghníomhaire íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe, roghnaigh an Roinn an caighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistiú Slándála Faisnéise a ghlacadh mar bhunús dá slándáil TF.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam ó thaobh cheanglais an chomhaontaithe bhainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte chuig an Oifig seo.

**Aidan O'Driscoll**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

24 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 7 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2015 do ghnóthaí áirithe eile a bhaineann le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara .

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fomhair 2016

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Cuntas Leithreasa 2015

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Trádáil, forbairt agus polasaí agraibhia | | | | |
| | *Bunaidh* | 410,676 | | | |
| | *Forlíontach* | (10,860) | 399,816 | 387,177 | 343,028 |
| B | Sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 204,002 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,090) | 197,912 | 196,355 | 199,698 |
| C | Geilleagar agus timpeallacht tuaithe | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 386,779 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | (8,750) | | | |
| | *Forlíontach* | 18,000 | 396,029 | 355,045 | 415,839 |
| D | Caiteachas díreach | | | | |
| | *Bunaidh* | 240,611 | | | |
| | *Forlíontach* | 90,700 | 331,311 | 326,063 | 232,895 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 1,242,068 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 18,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 65,000 | | | |
| | | | **1,325,068** | **1,264,640** | **1,191,460** |
| ***Bain de*** | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 469,489 | | | |
| | *Forlíontach* | (39,000) | **430,489** | **438,683** | **71,220** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 772,579 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 18,000 | | | |
| | *Fhorlíontach* | 104,000 | | | |
| | | | **894,579** | **825,957** | **1,120,240** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 68,622,477 | 31,663,091 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | (12,000,000) | (18,000,000) |
| Farasbarr le Géilleadh | 56,622,477 | 13,663,091 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 167,732 | 165,980 | 164,179 |
| ii | Taisteal agus cothú | 6,909 | 6,971 | 6,995 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,663 | 5,448 | 2,952 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 4,501 | 4,553 | 4,076 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 21,600 | 24,590 | 23,493 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 5,798 | 6,112 | 5,942 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithniú luach airgid agus beartais | 36 | 108 | 179 |
| viii | Bearta forlíontacha chun leasa airgeadais an AE a chosaint | 1,352 | 597 | 536 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | 5,800 | 5,733 | 4,777 |
| x | Uachtaránacht an AE | — | — | 16 |
| | | 217,391 | 220,092 | 213,145 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 1,044,548 | 978,315 |
| Pá | | 165,980 | 164,179 |
| Caiteachas eile | | 54,112 | 48,966 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,264,640** | **1,191,460** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 438,683 | 71,220 |
| **Glanchaiteachas** | | **825,957** | **1,120,240** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar Cheannacháin | (4,679) | | |
| Dímheas | 4,454 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | 12 | (213) | (765) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | 45,659 | | |
| Ardú ar stoic | 1,327 | | |
| | | 46,986 | (175,920) |
| **Caiteachas díreach** | | **872,730** | **943,555** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 67,099 | 64,171 |
| Measchíosanna | | 7,200 | 6,676 |
| **Costas glan clár** | | **947,029** | **1,014,402** |

### 1.1 Caiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 59 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | | 61,889 | 59,967 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 4,850 | 3,896 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí srl. | | 301 | 308 |
| | | **67,099** | **64,171** |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 13,197 | 12,984 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 34,296 | 23,529 |
| Stoic | 2.4 | 2,503 | 3,830 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,196 | 2,392 |
| Ioncam fabhraithe: | | | |
| Maoiniú EAFRD dlite ón AE | | 129,983 | 181,000 |
| Méideanna eile dlite ón AE | | 515 | 550 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.3 | 3,254 | 3,022 |
| Dlite ó sheirbhísí | | 8,724 | 7,030 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 2,498 | 9,911 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **183,969** | **231,264** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 4,176 | 7,839 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 21,228 | 9,579 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 15,566 | 23,861 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **40,970** | **41,279** |
| **Glandliteanais reatha** | | **142,999** | **189,985** |
| **Glandliteanais** | | **156,196** | **202,969** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **156,196** | **202,969** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 202,969 | 26,284 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 790,579 | | |
| Glan-fhorlíontach | Cuntas | 104,000 | | |
| Le géilleadh – Suim Iarchurtha | Cuntas | (12,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (56,622) | | |
| Vóta glan | | | 825,957 | 1,120,240 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 67,099 | 64,171 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 7,200 | 6,676 |
| Costas glan clár | 1 | | (947,029) | (1,014,402) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **156,196** | **202,969** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige/ fearais eile | Troscán agus feistin | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 227,120 | 14,084 | 241,204 |
| Breiseanna | 4,632 | 47 | 4,679 |
| Diúscairtí | (727) | — | (727) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 231,025 | 14,131 | 245,156 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | 215,057 | 13,163 | 228,220 |
| Dímheas don bhliain | 4,178 | 276 | 4,454 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (715) | — | (715) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2015 | 218,520 | 13,439 | 231,959 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **12,505** | **692** | **13,197** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **12,063** | **921** | **12,984** |

Ní áirítear talamh agus foirgnimh sa ráiteas thuas. Tá liosta talún agus foirgneamh atá á riar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas.

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 32,950 | 19,438 |
| Iarmhéideanna bainc Tráchtála | 1,427 | 4,172 |
| Orduithe gan íoc | (81) | (81) |
| | 34,296 | 23,529 |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Soláthairtí saotharlainne agus ceimiceáin | 453 | 539 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | 111 | 152 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | 44 | 25 |
| Soláthairtí tréidliachta | 1,427 | 2,704 |
| Beostoc | 324 | 306 |
| Stoc talmhaíochta | 99 | 73 |
| Soláthairtí glantacháin | 20 | 14 |
| Stoic ola | 25 | 17 |
| | 2,503 | 3,830 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Óinchistí agus costais taistil in-aisíoctha | 143 | 175 |
| Aiscí agus cnapshuimeanna pinsin in-aisíoctha de chuid na Roinne | 1 | 2 |
| Airleacain chuig OOP | 1,124 | 998 |
| Dlite ó údaráis áitiúla maidir le forbairt chuain | 66 | 66 |
| Méid infhorchúitithe ón AE | — | 5,642 |
| Réamhíocaíochtaí tuarastail ón Státchiste | 428 | 2,873 |
| Eile | 736 | 155 |
| | 2,498 | 9,911 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 943 | 747 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,023 | 527 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 24 | 3 |
| Aoisliúntas | 17 | 5 |
| CBL ar Dhíolacháin | 258 | 88 |
| Cáin Ioncaim | 12 | 11 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | 206 | 54 |
| | 2,483 | 1,435 |
| Urrúis | 302 | 208 |
| Díolacháin/ tobhaigh chuóta bainne | 550 | 550 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 734 | 1,122 |
| Airleacain AE | 9,386 | 5,917 |
| Clár Sonraí Mairteola & Géanómaíochta | 3,828 | — |
| Ilghnéitheach[1] | 3,945 | 192 |
| | 21,228 | 9,579 |

[1] Tá feidhmiúlacht ag córas cuntasaíochta na Roinne a cheadaíonn iontrálacha príomhleabhair chuntais idirchomhlachta idir na haonáin tuairiscithe atá laistigh dá shainchúram. Chomh maith leis an Vóta, cuimsíonn siad seo Cuntais CERT agus CETFT an AE, agus Cuntas na Lárionad Cuain Iascaireachta. Gabhtar na hiarmhéideanna féichiúnaí/creidiúnaí seo i gcuntais rialúcháin sa chlár comhardaithe agus glantar iad ag an PMG ar an gcéad lá oibre eile.

**2.7 Glandliteanas don Státchiste**

| amhail an 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 56,622 | 13,663 |
| Géilleadh iarchurtha | 12,000 | 18,000 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (53,056) | (7,802) |
| Glandliteanas don Státchiste | 15,566 | 23,861 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 34,296 | 23,529 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 2,498 | 9,911 |
| | 36,794 | 33,440 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,483) | (1,435) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (18,745) | (8,144) |
| | (21,228) | (9,579) |
| | 15,566 | 23,861 |

**2.8 Ceangaltais**

| amhail an 31 Nollaig | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite go 2016** | **Blianta dar gcionn** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **(a) Soláthar** | 16,341 | 9,274 | 25,615 | 25,185 |
| **(b) Deontais** | | | | |
| Deontais infheistíochta caipitil | 10,523 | — | 10,523 | 15,420 |
| Taighde bia | 12,947 | 38,997 | 51,944 | 64,318 |
| Foraoiseacht | 100,810 | 582,875 | 683,685 | 729,868 |
| Bithfhuinneamh | — | — | — | 192 |
| Deontais chuig an earnáil orgánach | 11,481 | 44,000 | 55,481 | 16,339 |
| Scéim fheabhsaithe fheirmeacha | 9,916 | 1,640 | 11,556 | 31,119 |
| Scéim luathscoir | 5,016 | 5,677 | 10,693 | 19,479 |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 2,382 | — | 2,382 | 32,233 |
| An scéim um chaomhnú an chomhshaoil faoin tuath | 50,255 | 29,660 | 79,915 | 185,500 |
| Scéim ghairneoireachta | 764 | — | 764 | 335 |
| Iompar Fodair Iompórtáilte | 51,000 | 187,000 | 238,000 | — |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | 500 | 500 | 1,000 | 1,500 |
| Luacháil Mhargaidh Ar Fheirm | 180 | — | 180 | 115 |
| An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta | 190,580 | 719,840 | 910,420 | — |
| Iomlán na ngealltanas infhorfheidhmithe le dlí | 462,695 | 1,618,463 | 2,082,158 | 1,121,603 |

**Athruithe suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos nuair a mhéadaigh/(laghdaigh) ceangaltais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2014 go 2015.

| Cur síos | Méid méadú/(laghdú) €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontais infheistíochta caipitil | (4,897) | Táthar ag leanúint leis an bhfigiúr tiomantais mar a rinneadh cur síos air agus tá líon níos lú ag glacadh leis i mbabhta dámhachtainí 2016. |
| Taighde bia | (12,374) | Tháinig laghdú ar ghealltanais de bharr gur tugadh roinnt tionscadal taighde chun críche in 2015 ina ndearnadh coigilteas ar dhámhachtainí bunaidh agus de bharr buiséid athbhreithnithe do thionscadail leanúnacha eile. |
| Foraoisiú | (46,183) | Is féidir le Tiomantais Fhoraoiseachta dul thar 20 bliain agus de thoradh ar mhionchoigeartú i modh ríofa na dtiomantas seo chuaigh measúnú na dtiomantas iomlán i laghad. |
| Deontais chuig an earnáil orgánach | 39,142 | Athosclaíodh an Scéim Feirmeoireachta Orgánaí ag deireadh 2015 chun glacadh le hiarratais bhreise do 2016 agus tá sí lán anois. |
| An Scéim Feabhsúcháin Feirme | (19,563) | Tá an Scéim dúnta agus tá gealltanais á dtabhairt chun críche mar a rinneadh cur síos orthu. |

| Cur síos | Méid méadú/(laghdú) €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Scéim Luathscoir | (8,786) | Tá na tiomantais don Scéim Luathscoir á dtabhairt chun críche mar a rinneadh cur síos orthu agus tá an scéim dúnta d'iarratasóirí nua ó 2008. |
| Timpeallacht Tuaithe Scéim Cosanta | (29,851) | Tá an scéim dúnta agus níl fanta ach tiomantais iarmharacha atá ag laghdú. |
| An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) | (105,585) | Is d'fhad ama na scéimeanna AEOS, atá dúnta d'iarratasóirí nua, atá an Tiomantas iomlán luaite. Tá iarratasóirí ag aistriú chuig an scéim nua GLAS freisin agus tá athbhreithniú anuas á dhéanamh ar thiomantais AEOS mar thoradh air sin. |
| Clár Géanómaíochta Sonraí Mairteola | 238,000 | Scéim nua chun fiúntas géanómaíochta an tréada náisiúnta mairteola a fheabhsú trí shonraí agus géinitíopaí na n-ainmhithe roghnaithe a bhailiú. Mairfidh an scéim go dtí 2020. |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | (500) | Táthar ag leanúint leis an deontas mar a cuireadh síos air. |
| An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta | 910,420 | Is ionann GLAS agus an scéim talmhaíochta comhshaoil ilbhliantúil nua atá mar chuid den Chlár Forbartha Tuaithe. |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Trádáil, Forbairt agus Polasaí Agraibhia** | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 16,504 | 16,331 | 16,154 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | 4,296 | 4,666 | 4,119 |
| A.3 | Taighde agus oiliúint | | 27,983 | 24,561 | 25,908 |
| A.4 | Forbairt talmhaíochta agus bia | | 10,436 | 9,850 | 9,718 |
| A.5 | Teagasc - do speansais ghinearálta | | | | |
| | Suim bhunaidh | 113,839 | | | |
| | Forlíontach | (2,700) | 111,139 | 111,139 | 108,710 |
| A.6 | An Bord Bia - do speansais ghinearálta | | | | |
| | Suim bhunaidh | 32,944 | | | |
| | Forlíontach | (1,200) | 31,744 | 30,836 | 27,282 |
| A.7 | Foras na Mara | | 26,621 | 26,301 | 23,479 |
| A.8 | Bord Iascaigh Mhara | | 19,016 | 19,016 | 18,234 |
| A.9 | Deonacháin chabhair bia - An Clár Domhanda Bia | | 9,960 | | 9,960 |
| | Suim bhunaidh | 9,960 | | | |
| | Forlíontach | 10,040 | 20,000 | 20,000 | 9,960 |
| A.10 | Seirbhísí eile | | 28,077 | 21,056 | 23,493 |
| A.11 | An Ciste Rásaíochta Capall agus Cúnna | | 68,000 | 68,000 | 54,220 |
| A.12 | Scéim um Ghéanómaíocht Mhairteola | | | | |
| | *Bunaidh* | 52,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (17,000) | 35,000 | 34,692 | 21,751 |
| A.13 | Ciste Forbartha agus Nuálaíochta Tuaithe CEDRA | | 1,000 | 729 | — |
| | | | **399,816** | **387,177** | **343,028** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár A €12.64 millún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Taighde agus oiliúint | 3,422 | Maireann tionscadail taighde 3-5 bliana de ghnáth agus is deacair caiteachas a thomhas mar braitheann íocaíochtaí ar dhul chun cinn sásúil, a bhí níos lú ná tuartha sa chás seo. |
| Talmhaíocht agus bia a fhorbairt | 586 | Rinneadh coigilteas mar nach raibh roinnt de na tionscadail mhargaíochta agus phróiseála faoi bhabhta 2008 tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana. Freisin, fuarthas níos lú éileamh faoin gCiste Iomaíochta Bia in 2015 ná mar a bhí súil leis. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Bord Bia –do chostais ghinearálta | 2,108 | Tá an tearc-chaitheamh mar gheall ar líon níos lú dul ar scor ná mar a réamh-mheasadh, mar gheall, seans, ar athruithe i riail na Tréimhse Cairde, agus tabhaíodh mar sin de costais níos ísle phinsin agus chnapshuime. |
| Tabhartais Chúnaimh Bhia – An Clár Domhanda Bia | (10,040) | Socrú rialtais an tiomantas a bhí ann roimhe ar luach €10m don CDB a dhúbailt mar chuid dá fhreagra ar ghéarchéim na dteifeach. |
| Seirbhísí eile | 7,021 | Tá €2,500,000 iarchurtha mar nach raibh aon chaiteachas dlite ar thionscadal feabhsúcháin Chaisleán Bhaile Sheonach roimh dheireadh na bliana. Rinneadh coigilteas freisin mar gur socraíodh líon níos lú cásanna dlí i rith na bliana ná mar a bhí súil leis agus gur próiseáladh líon níos lú iarratas ná mar a bhí súil leis chuig an gcéim íocaíochta faoi Chláir Glactha na Teicneolaíochta Caoireola agus Mairteola. |
| Clár Sonraí Mairteola & Géanómaíochta | 17,308 | Tharla tearc-chaitheamh i gcéad bhliain an chláir 6 bliana ós rud é nárbh fhéidir na riachtanais iomlána a dheimhniú do roinnt rannpháirteach go dtí tar éis an dáta is déanaí íocaíochta i 2015 (Tá íocaíochtaí le déanamh go luath i 2016). |
| Ciste Forbartha agus Nuálaíochta Tuaithe CEDRA | 271 | Ní raibh na hoibreacha ceadaithe tugtha chun críche go hiomlán laistigh den fhráma ama agus mar sin rinneadh tearc-chaiteachas ón gciste. |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe agus Sláinte Plandaí** | | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | | 94,192 | 93,209 | 92,197 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | | | 28,255 | 30,860 | 28,082 |
| B.3 | Sábháilteacht bia (agus sláinte poiblí), sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | | | | | |
| | | *Suim Bhunaidh* | 81,555 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,090) | 75,465 | 72,286 | 79,419 |
| | | | | **197,912** | **196,355** | **199,698** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas maidir le Clár B €1.56 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Sábháilteacht Bhia (agus sláinte phoiblí), sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte phlandaí | 9,269 | Laghdaigh an suíomh feabhsaithe i dtaca le heitinn agus brúsallóis an caitheamh ar tháillí agus ar chúiteamh d'fheirmeoirí. Laghdaíonn leas feabhsaithe capall an caitheamh ar ghníomhartha sonracha Rialaithe na gCapall. Laghdaíodh an leithdháileadh do B3 faoi €6m sa Mheastachán Forlíontach ós rud é gur measadh gurbh é sin an méid arbh fhéidir é a thógáil go críonna ón bhfo-cheannteideal seo ag cur san áireamh an caitheamh suas go deireadh Mhí Dheireadh Fómhair agus na gnáthphatrúin chaithimh sa ráithe dheireanach. Leanadh ar aghaidh leis na tosca sách dearfacha suas go deireadh na bliana agus rinneadh tuilleadh coigiltis, mar sin de.<br><br>Iarchuireadh €95,000 mar gheall ar éileamh níos ísle do chuid chaipitil scéim na gcapall uirbeach. |

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe** | | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | | 34,496 | 34,135 | 33,765 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | | | 9,168 | 9,962 | 9,003 |
| C.3 | Scéim imshaol talmhaíocht | | | 150,550 | 131,232 | 200,324 |
| C.4 | Soghluaiseacht talún (scéimeanna luathscoir/cabhair suiteála) | | | | | |
| | | *Suim Bhunaidh* | 8,144 | | | |
| | | *Forlíontach* | (750) | 7,394 | 7,143 | 10,523 |
| C.5 | Forbairt talmhaíochta agus bia | | | | | |
| | | *Suim Bhunaidh* | 40,805 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,500) | 37,305 | 30,616 | 21,963 |
| C.6 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | | |
| | | *Soláthar don bhliain reatha* | 93,581 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 18,000 | 111,581 | 104,145 | 112,018 |
| C.7 | Iascaigh | | | | | |
| | | *Suim Bhunaidh* | 29,350 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,600) | 25,750 | 23,095 | 15,881 |
| C.8 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | | 11,260 | 10,580 | 10,123 |
| C.9 | Seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Suim Bhunaidh* | 1,425 | | | |
| | | *Forlíontach* | (900) | 525 | 465 | 434 |
| C.10 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | | | 8,000 | 3,672 | 1,805 |
| | | | | **396,029** | **355,045** | **415,839** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár C €40.98 milliún mór ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Scéim imshaol talmhaíocht | 19,318 | Tharla an difríocht ón meastachán de bharr gur glanadh agus gur íocadh níos mó iarratas faoin Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Tuaithe ag deireadh 2014, níos luaithe ná mar a soláthraíodh i meastachán na bliana reatha. Chomh maith leis sin, rinneadh coigilteas faoi GLAS mar go raibh na híocaíochtaí le hiarratasóirí níos lú ná mar a bhí measta, ach rinneadh na coigiltis seo a fhritháireamh i bpáirt trí níos mó iarratas ná mar a bhí súil leis faoin scéim um roghanna comhshaoil talmhaíochta a bheith ceadaithe le haghaidh íocaíochtaí. |
| Soghluaisteacht Talaimh (scéimeanna luathscoir/cúnaimh shuiteála) | 1,001 | Tá an caiteachas níos ísle ná mar a measadh mar gheall air go príomha go bhfuair rannpháirtithe na Scéime Luathscoir níos mó pinsin scoir stáit ná mar a réamh-mheasadh. (Laghdaíonn seo an íocaíocht SLS faoi shuim chomhfhreagrach). |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Talmhaíocht agus bia a fhorbairt | 10,189 | Bhí caiteachas faoi na scéimeanna láimhseála caorach, tithíochta cránacha agus bailithe báistí níos lú ná mar a bhí súil leis mar go mbíonn dhá bhliain ag feirmeoirí oibreacha ceadaithe a thabhairt chun críche agus is deacair an bhliain ina ndéanfar íocaíocht a thuar. Freisin, níor tháinig éilimh faoin scéim sábháilteachta feirme a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2014 in aibíocht ag an ráta a raibh súil leis. |
| Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | 7,436 | Iarchuireadh €7,227,000 mar gheall ar choigilteas a tharla go príomha mar gheall ar go raibh an scéim fhoraoisithe faoi chinnireacht éilimh agus ag brath ar iarratais a bheith déanta in am agus rinneadh coigilteas freisin mar gheall go raibh an líon iarratas ar an Scéim Bhóthair Foraoise níos lú ná mar a bhí súil leis de bharr ceisteanna maidir le cead pleanála do bhóithre foraoise ag dul isteach ar bhóithre poiblí a dheonú. |
| Iascach | 6,255 | Tharla coigilteas go príomha mar gheall gur glacadh go déanach leis an gClár Forbartha Bia Mara i mí na Nollag, a bhí fritháirithe i bpáirt ag leibhéal níos airde de chaiteachas caipitil ar chuanta iascaigh ná mar a bhí measta i rith na bliana. |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mara | 680 | Iarchuireadh €350,000 mar gheall ar an moill a bhí ann maidir le tosú tionscadail chóiríochta oifige.<br><br>Rinneadh coigilteas mar thoradh ar mhoill maidir le baill foirne breise a ndearnadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh a cheapadh. |
| Seirbhísí eile | 960 | Ós rud é nár cuireadh an obair ar bhunú an Ghréasáin Náisiúnta Tuaithe i gcrích faoi dheireadh 2015, bhí an caiteachas faoi leithdháileadh Cabhrach Teicniúla an CFR cuid mhór níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Tionscadal Feabhsúcháin Inis Sionnach | 4,328 | Iarchuireadh €4,328,000 mar gheall ar an gcoigilteas a d'eascair ós rud é gur díríodh an obair le linn 2015 ar chur i gcrích na n-eilimintí forleathan infrastruchtúrtha agus nár cuireadh tús leis an bpríomhchéim 'glanta suas' níos costasaí mar gur chuir cinneadh rialtais i mBealtaine 2015 go suntasach le scóip an tionscadail, cur chuige 'uile Oileánda' sa áireamh. |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Íocaíochtaí Díreacha** | | | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | | | 22,540 | 22,305 | 22,063 |
| D.2 | Riarachán - Caiteachas eile | | | 7,940 | 8,624 | 7,762 |
| D.3 | Tacaíochtaí ioncaim agus margaidh | | | 15,034 | | 8,758 |
| | | Suim Bhunaidh | 15,034 | | | |
| | | Forlíontach | 78,700 | 93,734 | 89,156 | 8,758 |
| D.4 | Tacaíochtaí ioncaim i gceantair faoi mhíbhuntáiste | | | | | |
| | | Suim Bhunaidh | 195,000 | | | |
| | | Forlíontach | 12,000 | 207,000 | 205,906 | 194,239 |
| D.5 | Seirbhísí eile | | | 97 | 72 | 73 |
| | | | | **331,311** | **326,063** | **232,895** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas maidir le Clár D €5.25 milliún euro níos ísle ná mar a bhí tuartha.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tacaí Ioncaim agus Margaidh | (74,122) | Faoi mar a míníodh san alt faoin meastachán forlíontach, chomh maith leis na €65 milliún de mhaoiniú breise do dhícheadú an AE, rinne an meastachán forlíontach soláthar de €13.7 milliún i gClár D d'Íocaíocht nua Luaineachta Margaidh, chomh maith le soláthar breise de €12 mhilliún do scéim na ANC. Maoiníodh iad seo ag coigilteas i gcodanna eile den vóta. D'eascair an íocaíocht luaineachta margaidh mar phacáiste beart tacaíochta do na hearnálacha Beostoic ag Comhairle na nAirí Talmhaíochta agus ba é leithdháileadh na hÉireann ná €13.7 milliún. Chuir an Rialachán ábhartha AE ar chumas na mBallstát an leithdháileadh a fhorlíonadh faoi suas le 100%, .i. i gcás na hÉireann maoiniú náisiúnta breise de €13.7 milliún. |
| Tacaíochtaí ioncaim i gceantair faoi mhíbhuntáiste | (10,906) | Ba é sprioc an mheastacháin fhorlíontaigh ná íocaíochtaí a chlúdach a bhaineann le scéimeanna limistéar faoi mhíbhuntáiste na mblianta roimhe sin. B'éigean freisin tabhairt isteach i 2015 chatagóir nua na n-oileán a ionchorprú laistigh de na scéimeanna míbhuntáiste.<br><br>Sháraigh costas iomlán iarratais Scéime Limistéar Mídheisiúil (LMD) na bliana roimhe sin a ceadaíodh le haghaidh íocaíochta i 2015 móide na híocaíochtaí a rinneadh i dtaca le Scéim 2015 na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (scéim chomharbachta LMD), sháraigh sin an bunleithdháileadh; bhí, mar sin de, cistí a athleithdháileadh trí mheán an mheastacháin fhorlíontaigh riachtanach, agus caitheadh iad dá réir. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | Fo-cheannteideal | | 2015 Measta | 2015 Réadaithe | 2014 Réadaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **RIARACHÁN** | | | | | |
| 1. | Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | | | 651 | 617 | 538 |
| 2. | Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe | | | 1 | 32 | 990 |
| 3. | Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | B.3 | | 14,816 | 18,171 | 16,845 |
| 4. | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo | B.3 | | 997 | 924 | 1,005 |
| 5. | Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | B.3 | | 5,000 | 6,459 | 5,688 |
| | **SEIRBHÍSÍ EILE** | | | | | |
| 6. | Fáltais ó dhíol vacsaíní, beostoc, táirgí feirmeoireachta, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | B.3 | | 800 | 698 | 840 |
| 7. | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó fheirm Bhacastúin | A.3 | | 1,903 | 2,404 | 3,748 |
| 8. | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú | B.3 | | 5,000 | 6,528 | 6,671 |
| 9. | Fáltais ó Choimisiún na talún | | | 5 | 889 | 497 |
| 10. | Fáltais eile | | | 1,314 | 2,071 | 1,628 |
| | **FÁLTAIS ÓN AE FAOI RIALACHÁIN RÁTHAÍOCHTA EAGGF** | | | | | |
| 11. | Costais idirghabhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile | D.3 | | 100 | 20 | — |
| 12. | Caillteanas Stoic Idirghabhála, etc. | D.3, D.5 | | 1 | 1,098 | 1,366 |
| 13. | EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | C.3,C.4 C.5,D.4 | | | | |
| | *Bunaidh* | | 394,332 | | | |
| | *Forlíontach* | | (39,000) | 355,332 | 363,576 | — |
| 14. | Ciste Tréidliachta | B.3 | | 12,000 | 13,303 | 11,622 |
| 15. | Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | D.3, D.5 | | 1,506 | 1,654 | 1,029 |
| 16. | Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Iascaigh EAGGF) | D.3 | | — | — | 12 |
| | **FÁLTAIS ÓN AE FAOI RIALACHÁIN STRUCHTÚIR** | | | | | |
| 17. | Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéillte i leith iascaigh farraige | C.7 | | 100 | 775 | 216 |
| 18. | Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1933 agus an tAcht Maoine Stáit 1954 | C.7 | | 100 | 78 | 85 |
| 19. | Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | C.7 | | 1 | 305 | 2,070 |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Fo-cheannteideal | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 20. | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | C.7 | | 412 | 340 | 379 |
| 21. | Fáltais FIFG AE (dobharshaothrú agus forbairt) | C.7 | | 6,900 | — | — |
| 22. | EFF (Iascaigh) 2007-2013 | C.7 | | 6,500 | 2,943 | — |
| 23. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | | 100 | 47 | — |
| 24. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí | | | 16,950 | 15,751 | 15,991 |
| | **Iomlán** | | | **430,489** | **438,683** | **71,220** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach teideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta tar éis aon choigeartú meastacháin fhorlíontaigh de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus feola eile | (3,355) | Bhí an líon fáltas níos airde ná mar a bhí súil leis mar gheall ar líon níos airde eallach, muc agus éanlaithe a maraíodh, chomh maith le híocaíocht níos tráthúla táillí amuigh. |
| Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachtaí áitreabh déiríochta | (1,459) | Bhí an toirt bhainne a próiseáladh níos airde ná mar a bhí súil leis de bharr aimsire níos fearr, méadú ar an tréad déiríochta agus cealú cuótaí bainne, as a lean leibhéal ard táillí a bheith á bhailiú. |
| Fáltais ó dhíolachán vacsaíní, beostoic, táirgí etc. ag an Saotharlann Taighde Tréidliachta agus ag an bhfeirm i mBaile an Aba; aisghabháil costas coraintín ag Inis Píc | 102 | Braitheann an méid samplaí a sheoltar chuig saotharlann na Roinne ar éileamh, mar sin is deacair an líon fáltas a gheofar a mheas go cruinn. Bhí laghdú níos mó ná mar a bhí súil leis ar an líon samplaí a seoladh chuig na Saotharlanna Tréidliachta Réigiúnacha i rith na bliana níos airde ná mar a bhí súil leis. |
| Fáltais ó tháillí tástála síl, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí cláraithe, etc. agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin | (501) | Ba de bharr níos mó deimhnithe lotnaidicídí agus aistriú táillí arna gcoinneáil i gcuntas fionraí a bhí an méid táillí níos airde ná mar a bhí tuartha. |
| Fáltais ó ranníocaí feirmeoirí i dtreo an costas a bhaineann le deireadh a chur le galar bólachta | (1,528) | Ba léiriú ar an margadh láidir onnmhairithe ainmhithe beo i rith na bliana é an t-ardú ar an líon táillí a fuarthas. |
| Fáltais Choimisiún na Talún | (884) | Bhí méid i bhfad níos airde fáltas ná mar a bhí measta mar gheall gur lorgaíodh méideanna a bhí dlite do Choimisiún na Talún, mar gheall ar airgead ó mhaoin a dhíol agus mar gheall gur íocadh roinnt fuascailtí blianachta go luath. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais eile | (757) | Baineann €205,000 le géilleadh forghéilltí i ndáil le ceadúnais leagain atá coinnithe ar fionraí ó 2009 agus bhain an chuid eile den fharasbarr le hasbhaintí aoisliúntais foirne níos airde ó roinnt de na gníomhaireachtaí stáit faoin gceannteideal seo agus le héileamh nach raibh súil leis ar phasanna do pheataí mar thoradh ar fhorfheidhmiú níos mó ar rialuithe agus feasacht níos mó ar riachtanais. |
| Cailliúintí stoic idirghabhála, etc | (1,097) | Baineann an difríocht le haisíocaíocht a fuarthas ón AE i ndiaidh imréiteach ar chuntas EAGF 2014 a bhí deacair a thuar an tráth a raibh an meastachán á dhéanamh. |
| CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | 30,756 | I Mí na Samhna, chuir an AE in iúl don Roinn nach raibh a ndóthain cistí ar fáil chun gach éileamh a réiteach a cuireadh faoina bráid i 2015, ach go n-íocfaí aon iarmhéideanna arbh ann dóibh go fóill go luath i 2016. D'iarr an Roinn, agus fuair sí, meastachán forlíontach don ghannchion a rabhthas ag súil leis ar luach €39 milliún. Nuair a fuarthas an íocaíocht deiridh do 2015, ní raibh sa ghannchion iarbhír ach €30 milliún. |
| Ciste Tréidliachta | (1,303) | Bhí líon fáltas níos airde ná mar a bhí measta de bharr chinneadh an AE an caiteachas incháilithe go léir in 2014 a aisíoc ón gCiste. |
| Fáltais Ráthaíochta Eile (Talmhaíocht) | (148) | De bharr íocaíochtaí níos mó a rinneadh faoin Scéim Torthaí Scoile, bhí an méid a fuarthas ar ais ón gCoimisiún Eorpach níos airde ná mar a bhí súil leis. |
| Fáltais ó fhíneálacha agus forghéillte i ndáil le hiascaigh mhara | (675) | Tá fáltais ó fhíneálacha in-athraithe, ag brath ar an méid a bhraitear, an líon cásanna cúirte a thugtar chun críche agus an líon fíneálacha agus forghéiltte a ghearrtar. |
| Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas ar chaomhnú agus bainistiú iascach | (304) | Ní raibh soláthar déanta d'aisghabháil faoin cheannteideal seo sa mheastachán bunaidh mar go bhfuil fáltais ag brath ar an maoiniú a bhíonn ar fáil agus ar oiriúnacht na dtionscadal. |
| Fáltais EU EMFF (dobharshaothrú agus forbairt) | 6,900 | Mar gheall gur glacadh déanach leis an gClár Forbartha Bia Mara i mí na Nollag, níorbh fhéidir aon chaiteachas a fháil ar ais ón gCoimisiún AE do 2015. |
| EFF (Iascaigh) 2007-2013 | 3,557 | Rinneadh an t-éileamh aisghabhála deiridh faoin gClár chuig an gCoimisiún AE ró-dhéanach sa bhliain lena phróiseáil roimh dheireadh na bliana. |
| Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí | 1,199 | De bharr moilleanna fada sa phróiseas imréitigh PAS maidir le hearcaigh nua sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, bhí an méid fáltas PRD a rabhthas ag súil leis nío lú ná mar a soláthraíodh ar dtús sa mheastachán. |

**4.2 Fáltais Bhreise le hÍoc leis an Státchiste**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 54 | — |
| Géilleadh na –iarmhéideanna cuntais fionraí | — | 198 |
| Costais dlí | 19 | 16 |
| Ranníocaíochtaí pinsin Bhord Bia | 2 | 3 |
| Géilleadh na cabhrach don tionscal próiseála bia | — | 37 |
| Dáileadh deiridh ó chuideachta leachtaithe | — | 163 |
| Ús a fuarthas ar thobhaigh táirgthe siúcra a ró-íocadh | — | 716 |
| Airgead coinsiasa | 1 | 4 |
| Aisíocaíocht iomarcaíochta ag iar-fhostaí Bhord Bainne Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. | 13 | — |
| Forghéilleadh fáltas ilghnéitheach | 2 | — |
| Forghéilleadh seiceanna EAGF roimh 2001 nár briseadh | 205 | — |
| Aistrithe chuig an Stát Chiste | (90) | (1,083) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 206 | 54 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Baineann an fhaisnéis a leanas faoi líon fostaithe agus pá leis an Roinn agus a gcuid comhlachas gaolmhar Stáit.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon Foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 4,383 | 4,421 |

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 205,241 | 204,076 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 2,984 | 2,561 |
| Liúntais eile | 1,174 | 1,252 |
| Ragobair | 3,510 | 3,451 |
| ÁSPC an Fhostóra | 10,871 | 10,644 |
| **Pá iomlán** | **223,780** | **221,984** |

Baineann na mionsonraí faoi liúntais, ragobair agus luach saothair eile i nóta 5.1, 5.2 agus i nóta 5.3 thíos le baill foirne na Roinne a íoctar go díreach ón Vóta faoi chláir A go D, agus sin amháin. Tá eolas mionsonraithe maidir le socruithe na gComhlachtaí Stáit a bhaineann leis an Roinn ó thaobh luach saothair ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit lena mbaineann.

**5.1 Liúntais agus íocaíochta ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2015<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2014<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 498 | 10 | 20,836 | 25,827 |
| Liúntais eile | 387 | 21 | 19,888 | 20,686 |
| Ragobair | 739 | 93 | 32,269 | 31,970 |
| An líon daoine a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 348 | 110 | 37,693 | 40,241 |

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Íocadh líon iomlán de €1,423,964 le 62 státseirbhíseach a bhí ar scor atá ag fáil pinsean na státseirbhíse, agus a hathfhostaíodh ar bhonn táille. homhlíon na táillí a íocadh prionsabail Acht (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 Pinsin na Seirbhíse Poiblí.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €551,565 (345 cás) (2014 €500,731 323 cás). As an méid sin, tá pleananna aisghabhála ar bun do, €318,391 (100 cás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Thug rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1290/2005 isteach an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Maoiníonn ciste CERT íocaíochtaí díreacha agus tacaí. Margaidh, agus cómhaoiníonn CETFT bearta forbartha tuaithe faoi chláir fhaofa forbartha tuaithe. I Mí na Bealtaine 2015 ghlac an AE go foirmeálta le Clár nua CETFT 2014-2020 le haghaidh na hÉireann, agus scoireadh d'incháilitheacht chaiteachais faoi CETFT 2007-2013 ag 31 Nollaig 2015.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta atá maoinithe go hiomlán ag an EAGF agus gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an EAFRD agus ón Vóta.

Cuimsíonn Cláir C agus D caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE trí mheán EAFRD. Cuimsíonn Clár C freisin caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta an AE. Cuimsíonn Clár C caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE trí mheán na hIonstraime Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh, 2000-2006 (FIFG) agus ag an gCiste Eorpach Iascaigh, 2007-2013 (EFF). Cuimsíonn Clár D muirear don Vóta de €68.13 milliún do mhaoiniú AE a dícheadaíodh mar gheall ar ró-éilimh ar scéimeanna limistéarbhunaithe.

Áirítear ar an gCuntas ús de €431,644 a íoctar ar iasachtaí gearrthréimhseacha €677 milliún a fuarthas ar iasacht in 2014 chun caiteachas Ráthaíochta EAGF a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht ón AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2015 mar aon le hús.

Fuarthas €599 milliún ar iasacht i gcistí gearrthréimhseacha in 2015 chun caiteachas EAGF Ráthaíochta a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht AE in 2016. Ní léirítear na hiasachtaí seo i Nóta 2.

**Caiteachas atá maoinithe ag an AE arna bhainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| **Ráthaíocht EAGF (bearta lánmhaoinithe ag an AE)** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Scéim Íocaíochta Aonair (lena n-áirítear Aisíocaíocht Mhodhnaithe) | 1,122 | 1,178 |
| Caoirigh fhéaraigh, éifeachtúlacht déiríochta, beatha Bhoirne (Rialachán AE 73/2009 Airteagal 68 bearta) | 11 | 24 |
| Aisíocaíochtaí onnmhairithe | 13 | — |
| Idirghabháil | 5 | — |
| Forthobhach Bainne | (71) | (10) |
| Eile | (5) | 2 |
| **Chláir eile (bearta cómhaoinithe ag an AE)**[a] | **2015** | **2014** |
| | **€m** | **€m** |
| **Talmhaíocht** | | |
| Clár forbartha tuaithe EAFRD 2014-2020 [b] | 364 | — |
| Ciste Tréidliachta | 13 | 12 |
| Fáltais cómhaoinithe eile | 3 | 2 |
| **Iascaigh** | | |
| FIFG - forbairt dobharshaothraithe/forbairt iascaigh | — | 2 |
| EFF – an Ciste Eorpach Iascaigh 2007 - 2013 | 3 | — |
| | 1,458 | 1,210 |

[a] Níl ach cómhaoiniú AE ar na cláir sin le feiceáil sa tábla seo.

[b] Faoi Chlár 2007-2013 CETFT, coimeádtar 5% de na fáltais go dtí go ndúntar an Clár per Rialachán AE 1290/2005 Alt 24.4, rud a raibh de thoradh air fáltais nialasacha i 2015. Cuirfear Cuntais Deiridh Bhliantúla do CFR CETFT 2007-2013 faoina bhráid faoi 30 Meitheamh 2016. Tar éis imréiteach deiridh an AE den Chuntas Bliantúil Deimhnithe deireanach, cúiteofar an 5% a choimeádtar.

**6.2 GLAS**

Tugadh isteach an scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) i Mí na Bealtaine 2015. Úsáideadh córas láimhe chun an chéad bhaisc íocaíochtaí a íoc i Mí na Nollag 2015. Ní raibh an córas TF a thacaíonn leis an scéim lánoibríochtúil fós. Bhí an córas láimhe easnamhach, rud a ghin ró-íocaíochtaí. Níor chainníochtaigh an Roinn leibhéal na ró-íocaíochtaí a rinneadh. Ba é an t-iarmhéid gan íoc ag 31 Lúnasa 2016 ná €168,000. Táthar ag súil leis go bhforchúiteofar na suimeanna ar ann dóibh fós roimh dheireadh 2016.

**6.3 Ró-íocaíochtaí**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 1 Eanáir | 3,022 | 4,257 |
| Coigeartú maidir leis an Scéim Luathscoir | (20) | 9 |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh i rith na bliana | 8,701 | 6,479 |
| Ceartúcháin | (1,070) | (1,221) |
| Aisghabhálacha | (7,016) | (6,424) |
| Díscríobh (nóta 6.6) | (363) | (78) |
| Ró-íocaíochtaí scéime amhail an 31 Nollaig | 3,254 | 3,022 |

**6.4 Díscríobh**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas faoi chead leithroinnt na Roinne Airgeadais:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Scéim:** | | |
| Luathscor ó fheirmeoireacht | 7,098 | 14,260 |
| Scéimeanna foraoisithe | 2,664 | 43,910 |
| Préimheanna AE ilghnéitheacha miscellaneous agus Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe | 34,207 | — |
| An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath | 208,664 | — |
| An Scéim Bhithfhuinnimh | 90,446 | — |
| Préimheanna Vóta ilghnéitheacha | 20,368 | 19,732 |
| | 363,447 | 77,902 |
| **Eile:** | | |
| Táillí cigireachta Tréidliachta gan íoc ag cuideachtaí a thuilleadh i mbun gnó | 24,531 | 11,356 |
| Ús deireanach díscríofa | — | 2,232 |
| Fáthanna eile | 48 | 2,465 |
| | 24,579 | 16,053 |

**6.4 Costais Dlí agus Cúiteamh**

Tá coatais dlí íoctha sa bhlain catagóirithe mar leanas:

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dhlíthiúla arna n-íoc ag an Roinn** | **Costais dhlíthiúla arna ndámhachtain** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh a rinne fostaithe an Vóta** | 183 | 92 | — | 793 | 885 | 224 |
| **Éilimh ag baill den phobal** | 14 | 317 | — | 134 | 451 | 1,316 |
| | | 409 | — | 927 | 1,336 | 1,540 |

Ar mhaithe le rúndacht an éilitheora tiomsaítear an nóta seo ag leibhéal comhiomlán.

**6.6 Dliteanas Teagmhasach**

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar féidir go ndéanfaidh siad dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá an méid iarbhír nó ionú an ábhair dhliteanais neamhchinnte.

De thairbhe cinneadh Rialtais, ghlac an Roinn ceannas as an obair fheabhsúchán ar láithreán Inis Sionnach ó 2012 i leith Ní fios fós an costas a bhainfidh le feabhsúchán talaimh ag an láithreán seo, a fhad is atáthar ag feitheamh le cead pleanála do scéim shonrach fheabhsúcháin.

**6.7 Deontais un Chabhair Bia**

Is é atá sa chlár Domhanda Bia an eagraíocht cúnaimh bhia de chuid na Náisiún Aontaithe agus oibríonn sé ar bhonn ranníocaíochtaí deonacha a ghealltar go neamhrialta. Cuireann an clár cúnamh bia ar fáil do thíortha a bhfuil acu leis, cuidíonn le tionscadail eacnamaíochta agus sóisialta a chur i bhfeidhm agus tugann faoiseamh d'íospartaigh tubaistí nádúrtha agus tubaistí eile. Tá an clár i bhfeidhm in thart ar 80 tír. €18.476 milliún a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gclár Domhanda Bia i 2015 (2014: €8.436 milliún).

Is é an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia an príomhchomhaontú idirnáisiúnta ar sholáthar cúnaimh bhia agus fónann sé mar chód iompair sárchleachtais agus mar ghealltanas bliantúil maidir le cúnamh bia. An clár Domhanda Bia a choimeádann cúnamh arna dheonadh faoin gCoinbhinsiún agus baintear úsáid as chun cúnamh a sholáthar i gcúinsí éigeandála. €1.524 milliún a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Bia i 2015 (2014: €1.524 milliún).

**6.8 Íocaíochtaí Ex-Gratia**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €2,620,050 le 141 eagraíocht leasa ainmhithe (2014: €1,892,200).
Rinneadh íocaíocht ex-gratia €9,252 le Cathaoirleach na Comhairle Comhairlí um Leas Ainmhithe Feirme.

Rinneadh íocaíocht *ex-gratia* €4,000 le Cathaoirleach na Comhairle Comhairleach um Leas Ainmhithe Feirme.

Rinneadh íocaíochtaí *ex-gratia* €3,000 le trí eagraíocht chun pórtha beostoic annamha a chur chun cinn agus a chaomhnú.

Rinneadh íocaíocht *ex-gratia* €933 le feirmeoir le haghaidh bia ainmhithe éigeandála.

Rinneadh íocaíochtaí *ex-gratia* €900 le daoine a fuair deontas faoin Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia le roinnt eagraíochtaí i dtreo seónna talmhaíochta éagsúla a reáchtáil, mar seo a leanas:

| | **2014** |
|---|---:|
| | **€** |
| Cumann Seónna nahÉireann Teo. | 85,000 |
| Macra na Feirme | 34,000 |
| Bantracht na Tuaithe | 9,000 |
| Margaí Tuaithe Teo. | 6,000 |
| Sochaí Madra Caotach idirnáisúnta | 6,000 |
| Cumann Eolaíochtí Talmhaíochta | 4,000 |
| Coiste Sheó Talmhaíochta & Gairneoireahta Dhroichead an Chaisleáin | 750 |

**6.9 Mírialtacht Amhrasta**

Tá an chigireacht maidir le caiteachas míchuí amhrasta i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le híocaíochtaí ar leith a rinneadh faoin scéim agra-chomhshaoil chómhaoinithe An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Meastar go bhfuil gné náisiúnta an chaiteachais i gceist thart ar €130,000.

**6.10 Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas**

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas de €12 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-cheannteidil seo a leanas.

| | |
|---|---|
| B.3 | Sábháilteacht bia (agus sláinte phoiblí), sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí |
| C.6 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh |
| C.8 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara |
| C.10 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach |

## 7. Cuntas Ciste Rásaíochta Capall agus Con

Suimeanna na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don tréimhse go 31 Nollaig 2015

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (focheann A.11) | 68,000 | 54,220 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | 54,400 | 43,376 |
| Bord na gCon | 13,600 | 10,844 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

| Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|
| **An Cabhán** | |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Béal Átha Éis | 17.0 |
| Plota foraoise, Dún an Rí | 0.3 |
| **Corcaigh** | |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) | 45.7 |
| Saotharlann tástála Fola, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Déiríochta eolaíocht saotharlainne, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Saotharlann tréidliachta réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme | – |
| Tailte, Bóthar na Modhfheirme | 4.0 |
| Plota foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Plota foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Plota foraoise, An Baile Nua | 29.7 |
| Plota foraoise, Droichead na Bandan | 1.4 |
| Plota foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Plota foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Plota foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Plota foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Plota foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Plota foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Plota foraoise, Bántír | 6.2 |
| Plota foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Forest plots, Kinalea | 5.9 |
| Plota foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |
| **Dún na nGall** | |
| Saotharlann tástála prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Ionad tástála prátaí, Ráth Bhoth | — |
| Plota foraoise, Ard an Rátha | 6.5 |
| Plota foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| Plota foraoise, Cúil na gCuirridín | 0.4 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Plota foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 59.0 |
| Plota foraoise, Béal Átha Ghártha | 0.5 |
| Plota foraoise, Uachtar Ard | 7.0 |
| **Ciarraí** | |
| Plota foraoise, Ceann Mara | 0.2 |
| Plota foraoise, Cill Airne | 1.0 |
| Plota foraoise, Cill Orglan | 28.6 |

| Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|
| **Cill Dara** | |
| Ionad Tástála, Bacastúin | — |
| Stacumny Teachín, Bacastúin | — |
| Tailte, Bacastúin | 113.0 |
| Forest plot, Athy | 2.6 |
| Plota foraoise, Domhnach Dheá | 0.2 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Tailte, Coláiste Chill an Dátúnaigh | 18.0 |
| **Laoise** | |
| Plota foraoise, Darú | 2.2 |
| **Liatroim** | |
| Plota foraoise, Gleann Fearna | 11.0 |
| Plota foraoise, An Damhshraith | 107.3 |
| **Luimneach** | |
| Plota foraoise, Béal an Átha | 2.7 |
| Plota foraoise, Faing | 1.8 |
| Plota foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| Plota foraoise, Cill Fhíonáin | 9.9 |
| **An Longfort** | |
| Plota foraoise, Gránard | 0.7 |
| **Maigh Eo** | |
| Plota foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Plota foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| **Ros Comáin** | |
| Plota foraoise, Loch Cé | 32.0 |
| **Sligeach** | |
| Plota foraoise, Béal Trá | 141.0 |
| Plota foraoise, Baile Hamaltúin | 2.0 |
| Plota foraoise, Binn Ghulbain | 3.8 |
| Plota foraoise, Cúil Mhuine | 1.3 |
| Plota foraoise, Loch Gile | 12.1 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Plota foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Plota foraoise, Neir | 2.8 |
| Plota foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Plota foraoise, Carraig na Siúire | 4.0 |
| Plota foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Plota foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |
| **Port Láirge** | |
| Plota foraoise, Coill Mhic Thomáisín | 17.5 |
| **An Iarmhí** | |
| Plota foraoise, Baile na gCros | 1.0 |
| Plota foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| **Loch Garman** | |
| Plota foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Plota foraoise, Guaire | 11.1 |

| Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|
| **Cill Mhantáin** | |
| Plota foraoise, Ballinahinch | 60.7 |
| Plota foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |
| Plota foraoise, An Coireán | 59.0 |
| Plota foraoise, Abhainn Mhór | 1.0 |
| Plota foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Plota foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Plota foraoise, Teach Sagard | 1.4 |

Mar chomharba ar Choimisiún Talún na hÉireann, bhí 11 heicteár breise ag an Aire de thalamh talmhaíochta chomh maith le 384 heicteár de thalamh neamhthalmhaíochta ar láimh ag 31 Nollaig 2015.

**Maoin ag Chuanta Iascaigh**

Ina theannta sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé ionad cuain iascaigh dílsithe don Aire. Tugtar cuntas ar leithligh orthu sa chuntas Ciste Cuain Iascaigh.